Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16327/22**

**ECOFIN 1374**
**STATIS 74**
**FIN 1384**
**UEM 360**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 733 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CCE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 733 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 733 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2022
COM(2022) 733 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CCE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN)**

GA GA

# 1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN)[1], bunaítear na nósanna imeachta chun fíorú, agus feabhsú i gcás inar gá, inchomparáideacht, iontaofacht agus uileghabhálacht mheastacháin na mBallstát ar ollioncam náisiúnta (OIN) a éascú. Tháinig Rialachán OIN i bhfeidhm an 18 Aibreán 2019.

Agus Córas Eorpach na gCuntas (CEC 95) á chur i bhfeidhm faoi Rialachán (CE) 2223/96 ón gComhairle[2], bhí OIN mar bhonn den cheathrú hacmhainn dhílis de chuid an Chomhphobail ón 1 Eanáir 2002 ar aghaidh. Tháinig OIN in ionad olltáirgeacht náisiúnta (OTN), a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar an gceathrú hacmhainn dhílis le haghaidh na mblianta roimh 2002.

Agus an Córas Cuntas Eorpach (CCE 2010) á chur i bhfeidhm faoi Rialachán (AE) 549/2013 ón gComhairle[3], tá OIN mar bhonn den cheathrú hacmhainn dhílis de chuid bhuiséad an Aontais ó bhí an 1 Eanáir 2014 ann.

Ba iad Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle[4] (An Treoir maidir le OTN) agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle[5] réamhtheachtaithe Rialachán OIN, ar aisghaireadh iad araon nuair a tháinig Rialachán OIN i bhfeidhm. Chun inchomparáideacht, iontaofacht agus uileghabhálacht OTN a fhíorú agus measúnú a dhéanamh orthu, leis an Treoir maidir le OTN bunaíodh nós imeachta i gCoiste OTN inar oibrigh na Ballstáit agus an Coimisiún i ndlúthchomhar le chéile ó 1989 go 2003. Bunaíodh nós imeachta comhchosúil chun OIN a fhíorú agus chun measúnú a dhéanamh air le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 arna aisghairm ina Choiste OIN inar oibrigh na Ballstáit agus an Coimisiún i ndlúthchomhar ó 2004 go 2019. Baineadh amach leibhéal maith iontaofachta, inchomparáideachta agus uileghabhálachta maidir leis na sonraí atá lena n-úsáid chun críoch acmhainní dílse.

Le Rialachán OIN, cuirtear leis an nós imeachta sin agus déantar é a choigeartú chun OIN a chur san áireamh chun críoch acmhainní dílse. Déantar foráil ann maidir le sainghrúpa foirmiúil chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir leis na nósanna imeachta agus na seiceálacha a bhaineann le OIN a ríomh le haghaidh acmhainní dílse. Cuireadh an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta ar bun chuige sin[6].

Sa tuarascáil seo, mar a cheanglaítear le hAirteagal 9 de Rialachán OIN, déantar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún agus ag an nGrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta maidir le comhchuibhiú OIN agus cur i bhfeidhm Rialachán OIN ó tháinig sé i bhfeidhm. I gCaibidil 2, tugtar tuairisc ar na bearta a rinneadh chun a áirithiú go gcloítear le sainmhíniú agus ríomh ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh a leagtar síos i Rialachán OIN. I gCaibidil 3, tugtar tuairisc ar na bearta a rinneadh chun tarchur tráthúil shonraí OIN agus faisnéis bhreise ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún a áirithiú. I gCaibidil 4, tugtar tuairisc ar na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún chun fíorú a dhéanamh ar na foinsí agus na modhanna a úsáideann na Ballstáit chun OIN a

---

1 IO L 91, 29.3.2019, lch. 19.

2 Rialachán (CE) 2223/96 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal IO L 310, 30.11.1996, lch. 1.

3 Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach, IO L 174, 26.6.2013, lch. 1.

4 Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle an 13 Feabhra 1989 maidir le tiomsú na holltáirgeachta náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh a chomhchuibhiú IO L 49, 21.2.1989, lch. 26.

5 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (Rialachán OIN) IO L 181, 19.7.2003, lch. 1.

6 Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2019 lena mbunaítear grúpa saineolaithe an Choimisiúin um ollioncam náisiúnta IO C 174, 21.5.2019, lch. 5.

ríomh. I gCaibidil 5, tagtar ar chonclúidí maidir le cur i bhfeidhm Rialachán OIN ó tháinig sé i bhfeidhm.

## 2. SAINMHÍNIÚ AGUS RÍOMH OLLIONCAIM NÁISIÚNTA AG PRAGHSANNA AN MHARGAIDH

Foráiltear in Airteagal 1 de Rialachán OIN go bhfuil OIN agus olltáirgeacht intíre (OTI) le sainmhíniú i gcomhréir leis an gCóras Cuntas Eorpach 2010 (CCE 2010) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013.

Mar a shonraítear le hAirteagal 1, déanann na Ballstáit OTI a ríomh de réir na dtrí chur chuige: cur chuige an táirgthe, cur chuige an chaiteachais agus cur chuige an ioncaim. Agus OTI á ríomh, agus san aistriú ó OTI go OIN, d'úsáid na Ballstáit coincheapa agus sainmhínithe CCE 2010 ó cuireadh i bhfeidhm é den chéad uair in 2014.

Fíoraíodh OIN i gcur i bhfeidhm CCE 2010 laistigh de thimthriall fíorúcháin OIN 2016-2019. Is éard a bhí i gceist leis an timthriall fíorú feabhsaithe ar an aistriú ó choincheapa CEC 95 go coincheapa CCE 2010, lena n-áirítear trí sheiceálacha ar na príomhathruithe coincheapúla aonair idir an dá chaighdeán. Cuireadh timthriall fíorúcháin 2016-2019 i gcrích tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán OIN in 2019.

Maidir le timthriall fíorúcháin OIN 2020-2024, tá feidhm fós ag na coincheapa agus na sainmhínithe céanna (CCE 2010) i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán OIN.

Forálacha ábhartha Airteagal 10b(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014[7], ar forálacha iad a bhaineann le hoiriúnacht shonraí OIN atá lena n-úsáid chun críoch acmhainní dílse maidir le hiontaofacht, inchomparáideacht agus uileghabhálacht, tá feidhm acu i gcás inarb ábhartha, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht forchoimeádas a chur ar cháilíocht shonraí OIN ar phointí arna bhfógairt ag an gCoimisiún nó ag an mBallstát.

## 3. TARCHUR SHONRAÍ OIN AGUS FAISNÉISE BREISE

*Tarchur bliantúil shonraí OIN agus tuarascálacha ar cháilíocht shonraí OIN*

I gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán OIN, ní mór do na Ballstáit OIN a ríomh agus figiúirí le haghaidh chomhiomláin OIN agus a gcomhpháirteanna a sholáthar don Choimisiún (Eurostat), faoin 1 Deireadh Fómhair gach bliain. Tá an sprioc-am sin ailínithe leis an scoithdháta le haghaidh tarchur sonraí cuntas náisiúnta eile laistigh de chlár tarchurtha CCE 2010, rud a éascaíonn ullmhú na dtacar sonraí ábhartha go léir a dhéanann na Ballstáit.

Ní mór do na Ballstáit comhiomláin OIN agus a gcomhpháirteanna a sholáthar, i gcomhréir leis na sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán. Tá sonraí le tarchur maidir leis an mbliain roimhe agus tá aon athrú a rinneadh ar na sonraí na mblianta roimhe sin le cur in iúl an tráth céanna. Léirítear an ceanglas sin i dteimpléid na dtáblaí tarchurtha (ceistneoirí OIN) a ullmhaíonn Eurostat roimh gach tarchur sonraí bliantúil.

Gach bliain, i gcruinniú earraigh an Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta, tagtar ar chomhaontú maidir le struchtúr coiteann cheistneoir OIN a bheidh le húsáid ag na Ballstáit. Déantar é sin chun soláthar a cuid sonraí OIN a éascú. Seolann Eurostat teimpléad den cheistneoir

[7] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, acmhainní dílse bunaithe ar CBL agus acmhainní dílse bunaithe ar OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh (Athmhúnlú) IO L 168, 7.6.2014, lch. 39.

comhaontaithe chuig gach Ballstát, agus iarrann sé go gcuirfear na táblaí comhlánaithe ar ais go tráthúil.

Áirítear sa cheistneoir freisin táblaí agus foirmlí breise lena gcuidítear le comhsheasmhacht na sonraí a sholáthraítear a sheiceáil agus earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc nó a aimsiú. Ina theannta sin, gabhann treoracha mionsonraithe leis an gceistneoir maidir leis an gcaoi a líontar isteach i gceart é. Chuidigh na bearta sin go mór leis na sonraí a chuireann na Ballstáit faoi bhráid Eurostat a chomhchuibhiú agus a fheabhsú tuilleadh.

Le Rialachán OIN freisin, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit tuarascáil bhliantúil maidir le cáilíocht a sonraí OIN a tharchur chuig Eurostat (Airteagal 2(3)). Is é is príomhchuspóir don tuarascáil sin an fhaisnéis maidir le hathruithe a rinneadh a sholáthar don Choimisiún – ó bhí an tarchur OIN ann roimhe sin - ar athruithe iad a rinneadh ar fhoinsí agus ar mhodhanna a úsáideadh chun comhiomláin OIN agus a gcomhpháirteanna a chur le chéile. Comhaontaítear inneachar coiteann agus formáid choiteann na tuarascála sin ag cruinniú earraigh an Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta. Tá an nós imeachta sin i bhfeidhm le blianta fada anuas, mar sin bíonn na tuarascálacha ar chaighdeán maith go ginearálta agus tugann siad an fhaisnéis chúlra is gá don Choimisiún agus don Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar shonraí OIN na mBallstát agus ar a n-athbhreithnithe.

Tarchuireann na Ballstáit na sonraí ábhartha i gceistneoir OIN lena ngabhann tuarascáil maidir le cáilíocht shonraí OIN trí mhodhanna leictreonacha chuig an bpointe teagmhála aonair le haghaidh sonraí ag Eurostat (tríd an ardán tiomnaithe ar a dtugtar EDAMIS).

Toisc gur gníomh dlíthiúil é Rialachán OIN atá ábhartha maidir le LEE, tarchuireann tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE)[8] sonraí OIN ar an gcaoi chéanna le Ballstáit an Aontais. Thairis sin, i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach[9], dlí an Aontais atá infheidhme maidir le hacmhainní dílse an Aontais a bhaineann leis na blianta airgeadais suas le 2020, tá feidhm fós aige maidir leis an Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2020, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh na hacmhainní dílse lena mbaineann le cur ar fáil, le ceartú nó le bheith faoi réir coigeartuithe tar éis an dáta sin. Dá bhrí sin, tarchuireann an Ríocht Aontaithe sonraí OIN freisin le haghaidh na tréimhse suas le 2020 i gcomhréir le Rialachán OIN.

In 2019, tharchuir gach tír seachas tír amháin (Ballstáit de chuid an Aontais) a dtuairisceáin OIN 2019 roimh an 1 Deireadh Fómhair, i gcomhréir leis an sprioc-am. Sheol an Ballstát deireanach a thuairisceán ar an 1 Deireadh Fómhair.

In 2020, tharchuir gach tír seachas tír amháin (tír de chuid CSTE) a dtuairisceáin OIN 2020 roimh an 1 Deireadh Fómhair, i gcomhréir leis an sprioc-am. Sheol an tír dheireanach de chuid CSTE a ceistneoir OIN an 15 Deireadh Fómhair agus sheol sí a tuarascáil maidir le cáilíocht an 28 Deireadh Fómhair.

In 2021, tharchuir gach ceann de na 32 thír a dtuairisceáin OIN 2021 roimh an 1 Deireadh Fómhair, i gcomhréir leis an sprioc-am.

In 2022, tharchuir gach ceann de na 32 thír seachas tír amháin (tír de chuid CSTE) a dtuairisceáin OIN 2022 roimh an 1 Deireadh Fómhair, i gcomhréir leis an sprioc-am. Níor sheol an tír dheireanach de chuid CSTE ach ceistneoir OIN i gcomhréir leis an sprioc-am.

---

8 Tá maolú ag Lichtinstéin ar chur chun feidhme Rialachán OIN; mar sin féin, tarchuireann sí ceistneoir bliantúil OIN.

9 Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 1.

*Fardail OIN*

Cé go bhfuil sé beartaithe leis an tuarascáil maidir le cáilíocht an t-eolas is deanaí ar na hathruithe ar mhodheolaíocht agus sonraí OIN Ballstáit a sholáthar, tugtar cuntas iomlán mionsonraithe ar na modhanna agus na foinsí a úsáideadh chun meastacháin deiridh OIN a ríomh i bhfardail OIN na bhfoinsí agus na modhanna a úsáideadh chun comhiomláin OIN agus a gcomhpháirteanna a sholáthar. Tá na fardail sin mar bhonn de mheasúnú Eurostat ar cháilíocht shonraí OIN na mBallstát ó thaobh inchomparáideachta, iontaofachta agus uileghabhálachta de.

Le hAirteagal 3 de Rialachán OIN, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit Fardal OIN a sholáthar do Eurostat. Sonraítear ann freisin nach mór don Choimisiún struchtúr agus socruithe mionsonraithe an fhardail a bhunú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir le CCE 2010, chomh maith leis an tráthchlár maidir leis an bhfardal a thabhairt cothrom le dáta agus a tharchur. Sonraítear in Airteagal 3 freisin nach bhféadfar costais shuntasacha bhreise a fhorchur leis na gníomhartha cur chun feidhme atá i gceist toisc go bhféadfaí ualach díréireach gan bonn cirt leis a chur ar na Ballstáit mar thoradh ar na costas sin. Ina theannta sin, tá an fardal le bheith comhsheasmhach le CCE 2010 agus ba cheart dúbailt agus ró-ualú a sheachaint.

Tugadh aghaidh ar na gnéithe sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1546 ón gCoimisiún[10], a glacadh i gcomhréir leis na forálacha thuasluaite, agus sa Treoir maidir le Fardail OIN arna comhaontú ag an nGrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta. Go háirithe, maidir le struchtúr na bhfardal, sonraítear i Rialachán (AE) 2020/1546 go bhfuil 10 gcaibidil le bheith iontu chomh maith le táblaí próisis OIN. Cumhdaítear na saincheisteanna seo a leanas le caibidlí aonair an fhardail:

| | |
|---|---|
| Caibidil 1 | Forléargas ar chóras na gcuntas |
| Caibidil 2 | An beartas athbhreithniúcháin agus an tráthchlár chun meastacháin a athbhreithniú agus a chur i gcrích. Athbhreithnithe móra ón leagan deireanach d'Fhardal OIN |
| Caibidil 3 | Cur chuige an táirgthe |
| Caibidil 4 | Cur chuige an ioncaim |
| Caibidil 5 | Cur chuige an chaiteachais |
| Caibidil 6 | An nós imeachta um chomhardú nó um chomhtháthú, agus fíorú na meastachán |
| Caibidil 7 | Forléargas ar na coigeartuithe le haghaidh uileghabhálachta |
| Caibidil 8 | An t-aistriú ó olltáirgeacht intíre (OTI) go OIN |
| Caibidil 9 | Na príomhaicmithe a úsáideadh |
| Caibidil 10 | Na príomhfhoinsí sonraí a úsáideadh |

Le fardail OIN, mar iarscríbhinn, gabhann na táblaí próisis ina dtugtar faisnéis uimhriúil maidir le torthaí chéimeanna phróiseas tiomsaithe OIN ar fad, ó fhoinsí staidrimh, trí choigeartuithe éagsúla, go dtí sonraí deiridh na gcuntas náisiúnta. Tá faisnéis uimhriúil iontu freisin maidir le méid choibhneasta na gcineálacha aonair foinsí a úsáideadh agus na coigeartuithe a rinneadh sa phróiseas tiomsaithe sin, agus tagairt do chaibidlí ábhartha Fhardal OIN.

An Treoir maidir le Fardail OIN, a cuireadh le chéile i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta agus lena léirítear na socruithe mionsonraithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/1546, sainmhínítear inti ceanglais mhionsonraithe struchtúr agus ábhar na gcaibidlí aonair.

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1546 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear struchtúr agus comhshocruithe mionsonraithe maidir le fardal na bhfoinsí agus na modhanna a úsáidtear chun comhiomláin ollioncaim náisiúnta agus a gcomhpháirteanna a tháirgeadh i gcomhréir leis an gCóras Cuntas Eorpach (ESA 2010); IO L 354, 26.10.2020, lch. 1.

Tugtar treoir do na Ballstáit inti freisin maidir leis an gcaoi ar cheart fardal ardcháilíochta a scríobh trí na príomhphrionsabail agus na príomhghnéithe is gá aird ar leith a thabhairt orthu sa phróiseas sin a chur i dtábhacht. Tá forálacha inti freisin maidir leis an mbliain tagartha a roghnú agus maidir le Fardal OIN a chur isteach agus a thabhairt cothrom le dáta ina dhiaidh sin.

Nuair a bhí an Treoir maidir le Fardail OIN á dearadh, tugadh aird chuí ar an ngá atá le dúbláil agus ró-ualú a sheachaint sa tuairisc ar théarmaí agus sainmhínithe CCE 2010, agus in úsáid na dtéarmaí agus na sainmhínithe sin. Thairis sin, níor tugadh isteach ach athruithe teoranta nuair a tugadh an Treoir maidir le timthriall fíorúcháin OIN 2020-2024 cothrom le dáta, i gcás inar ceapadh go raibh gá leis na ceanglais a bhí ann cheana a mhodhnú nó treoir bhreise a thabhairt.

An 31 Nollaig 2021 a bhí mar sprioc-am chun Fardal OIN a tharchur faoi Rialachán (AE) 2020/1546. Tharchuir formhór na mBallstát a bhFardal OIN faoin sprioc-am sin. Chuir an Coimisiún forchoimeádas ginearálta ar chúig Bhallstáit mar gheall ar tharchur déanach Fhardal OIN. I gcás ceithre cinn de na Ballstáit sin, baineadh an forchoimeádas ginearálta ina dhiaidh sin tar éis dóibh a bhfardail OIN féin a chur isteach.

Go díreach tar éis tharchur fhardail OIN agus na dtáblaí próisis, rinne Eurostat anailís ghinearálta tosaigh ar a n-iomláine agus ar a gcomhsheasmhacht mar chuid de mheasúnú riosca OIN. Leis an tseiceáil sin, níor léiríodh easnaimh mhóra a chuirfeadh bac ar fhíoruithe mionsonraithe ar fhardail OIN le linn an timthrialla 2020-2024.

Ós rud é nach dtagann athruithe suntasacha ar na nósanna imeachta ná ar an mbunstaidreamh maidir le sonraí deiridh OTI agus OIN a thiomsú ó bhliain go bliain, ach amháin le linn athbhreithnithe móra ag eatraimh níos faide, ní gá fardail OIN a athscríobh gach bliain. Sonraítear i Rialachán (AE) 2020/1546 go bhfuil athruithe ar Fhardail OIN ina dhiaidh sin le déanamh agus le tarchur chuig Eurostat laistigh de 12 mhí i ndiaidh aon mhórathrú ar fhoinsí nó ar mhodhanna chun OIN a thiomsú. Ar aon nós, ní mór Fardal OIN a thabhairt cothrom le dáta gach 5 bliana.

## 4. NÓSANNA IMEACHTA AGUS SEICEÁLACHA MAIDIR LE RÍOMH OIN

*An Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta*

I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán OIN, ní mór don Choimisiún sainghrúpa foirmiúil a bhunú ina bhfuil ionadaithe ó na Ballstáit uile agus ar a mbeidh ionadaí ón gCoimisiún ina chathaoirleach. Is iad seo a leanas dualgais an sainghrúpa sin:

- comhairle a thabhairt don Choimisiún, agus a thuairimí a thabhairt, maidir le hinchomparáideacht, iontaofacht agus uileghabhálacht ríomhanna OIN;
- scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin; agus
- tuairimí bliantúla a eisiúint maidir le hoiriúnacht shonraí OIN a chuireann na Ballstáit isteach chun críoch acmhainní dílse.

Go gairid tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán OIN, ghlac an Coimisiún cinneadh, an 17 Bealtaine 2019, maidir le grúpa saineolaithe an Choimisiúin um ollioncam náisiúnta[11] a bhunú. Tháinig an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta le chéile den chéad uair i mí na Bealtaine 2019 agus ghlac sé a rialacha nós imeachta. Ó shin i leith, tagann an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta le chéile go rialta faoi dhó sa bhliain, san earrach agus san fhómhar. Ó bhí teacht i bhfeidhm Rialachán OIN ann, tháinig an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta le chéile ocht n-uaire (go dtí mí na Samhna 2022) le haghaidh a chruinnithe rialta. Reáchtáil an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta trí chruinniú *ad hoc* freisin a bhain le saincheist an domhandaithe.

[11] Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2019 lena mbunaítear grúpa saineolaithe an Choimisiúin um ollioncam náisiúnta (Téacs atá ábhartha maidir le LEE.) C/2019/3651. IO C 174, 21.5.2019, lgh. 5-8.

Féadfaidh an Coimisiún (Eurostat) foghrúpaí den Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna sonracha a bhaineann le OIN ar bhonn na dtéarmaí tagartha a shainmhínigh an Coimisiún.

I mí na Samhna 2019, bhunaigh Eurostat foghrúpa maidir le calaois CBL arna déanamh ag trádálaithe atá ar iarraidh. Tá sé d'aidhm ag an bhfoghrúpa cleachtaí a mhalartú, foinsí agus modhanna a phlé, agus moltaí a ullmhú d'fhonn inchomparáideacht na slí a ndéileáiltear le calaois CBL arna déanamh ag trádálaithe atá ar iarraidh a áirithiú tuilleadh. Cuireadh obair an fhoghrúpa sin i gcrích i mí na Samhna 2020 trí fhormheas a thuarascála críochnaithí arna thabhairt ag an nGrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta.

I mí an Mheithimh 2020, bhunaigh Eurostat foghrúpa maidir le huileghabhálacht. Tá sé d'aidhm ag an bhfoghrúpa sin scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna sonracha i réimse na huileghabhálachta chun uileghabhálacht shonraí OIN a áirithiú a thuilleadh, agus treoirlínte praiticiúla a fhorbairt d'fhonn inchomparáideacht na gcoigeartuithe uileghabhálachta a áirithiú tuilleadh. Tá obair an fhoghrúpa sin ar siúl faoi láthair agus tá sé beartaithe go mbeidh sí críochnaithe in 2023.

*Tuairim fhoirmiúil maidir le hoiriúnacht shonraí OIN chun críoch acmhainní dílse*

Sonraítear in Airteagal 4 de Rialachán OIN freisin go bhfuil an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta le tuairimí bliantúla a eisiúint maidir le hoiriúnacht shonraí OIN a chuireann na Ballstáit isteach chun críoch acmhainní dílse. Chuige sin, doiciméad arna tharraingt suas ag Eurostat ina bhfuil sonraí OIN agus na tuarascálacha achoimre maidir le cáilíocht a tarchuireadh, cuirtear faoi bhráid an Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta é lena scrúdú ag a chruinnithe san fhómhar. San iarscríbhinn a ghabhann leis an tuairim, tugann Eurostat faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil i bhfoirm ghonta maidir le príomhthorthaí an fhíoraithe.

Ó tháinig Rialachán OIN i bhfeidhm, rinne an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta an tuairim lena ndeimhnítear go bhfuil na sonraí a chuir na Ballstáit agus ag an Ríocht Aontaithe isteach sna ceistneoirí OIN iomchuí chun críoch acmhainní dílse a ghlacadh gach bliain. Nuair a bhunaítear oiriúnacht na sonraí, cuirtear an tuairim, mar aon leis na sonraí, ar aghaidh chuig Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid. Tá an próiseas sin ag feidhmiú go rianúil, rud a chuireann ar a chumas d'Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid ranníocaíochtaí buiséadacha gach tíre faoi acmhainní dílse OIN a ríomh in am trátha.

*Samhail fíorúcháin*

Na foinsí agus na modhanna a úsáideann na Ballstáit chun OIN a ríomh – mar a thuairiscítear i bhfardail OIN - tá siad le fíorú ag an gCoimisiún (Eurostat) faoi shamhail fíorúcháin. Sonraítear in Airteagal 5 de Rialachán OIN go bhfuil an Coimisiún leis an tsamhail a tharraingt suas i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta. An tsamhail sin le haghaidh timthriall fíorúcháin OIN 2020-2024, atá bunaithe ar an tsamhail a úsáideadh i dtimthriall fíorúcháin OIJ 2016-2019, d'fhorbair Eurostat í agus d'fhormheas an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta í ina chruinnithe in 2020 agus 2021. Tuairiscítear a gnéithe ábhartha uile sna doiciméid chreata arb ionann iad agus an tsamhail[12].

Seachas doiciméad GNIG/121 '*Outline of the verification model for GNI for own resources*' [Achoimre ar an tsamhail fíorúcháin a úsáideadh le haghaidh acmhainní dílse OIN] lena dtugtar achoimre ar an tsamhail iomlán, ullmhaíodh an doiciméid seo a leanas le haghaidh thimthriall fíorúcháin OIN 2020-2024:

---

[12] Tá na doiciméid chreata ar fáil ar shuíomh poiblí an Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta: https://circabc.europa.eu/ui/group/7eb29b7b-33b0-4c9f-851b-e370277bb9e5.

- *ESA 2010 GNI Inventory Guide - Guidelines for writing the ESA 2010 GNI Inventory and for compiling the GNI process tables* [Treoir maidir le Fardail OIN CCE 2010 - Treoirlínte chun Fardal OIN CCE 2010 a scríobh agus chun táblaí próisis OIN a thiomsú] (GNIG/068 Rev. 1);
- *GNI Inventory Assessment Questionnaire* [Ceistneoir Measúnaithe Fhardal OIN] (GIAQ) (GNIG/099);
- *Guidelines for the Direct Verification exercise in the framework of the verification of Member States' GNI inventories* [Treoirlínte maidir leis an bhFíorú Díreach faoi chuimsiú fhíorú fhardail OIN na mBallstát] (GNIG/100);
- *Note on GNI reservations* [Nóta maidir le forchoimeádais OIN] (GNIG/101);
- *Note on materiality threshold* [Nóta maidir le tairseach ábharthachta] (GNIG/102);
- *Documentation guidelines* [Treoirlínte doiciméadachta] (GNIG/122); agus
- *Risk assessment model for verification of GNI for own resource purposes* [Samhail mheasúnaithe riosca le haghaidh fhíorú OIN chun críoch acmhainní dílse] (GNIG/130).

Is éard atá sa tsamhail fíorú bliantúil na sonraí a tharchuirtear le ceistneoirí OIN agus na tuarascálacha maidir le cáilíocht, agus fíorú ilbhliantúil na bhfoinsí staidrimh agus na modhanna a úsáidtear chun OIN a ríomh.

Is éard atá sa chuid bhliantúil den phróiseas fíorúcháin fíorú na sonraí a tharchuirtear le ceistneoirí OIN agus na tuarascálacha maidir le cáilíocht. Déanann Eurostat ceistneoirí OIN a sheiceáil maidir le, *inter alia*, cruinneas foirmiúil agus uimhriúil na dtáblaí arna seachadadh, comhsheasmhacht na sonraí le himeacht ama agus a gcomhsheasmhacht le figiúirí na gcuntas náisiúnta a foilsíodh. Déantar na hathbhreithnithe a thuairiscítear sa tuarascáil maidir le cáilíocht a fhíorú maidir leis, *inter alia*, an inchreidteacht, cáilíocht na bhfoinsí agus na modhanna a úsáidtear, réiteach an athbhreithnithe iomláin i gcoinne na n-athbhreithnithe aonair, agus comhsheasmhacht leis na hathruithe a fógraíodh roimhe sin. Féadtar iarraidh ar na Ballstáit aon soiléiriú a thabhairt ar na sonraí agus ar an tuarascáil maidir le cáilíocht agus ceartúcháin a sheoladh. Glacann an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta an tuairim thuasluaite maidir le hoiriúnacht shonraí OIN chun críoch acmhainní dílse mar thoradh ar an bpróiseas sin.

Is éard atá sa chuid ilbhliantúil den phróiseas fíorúcháin fíorú na bhfoinsí staidrimh agus na modhanna a úsáidtear chun OIN a ríomh. Déantar é sin ar bhealach comhchuibhithe le haghaidh na mBallstát uile, agus déantar é laistigh de thimthriallta fíorúcháin ilbhliantúla lena n-áirithítear creat fíorúcháin struchtúrtha comhleanúnach. Is iad seo a leanas príomhchéimeanna an timthrialla tar éis sraith na ndoiciméad creata a ullmhú: fardail agus táblaí próisis OIN a chur isteach; measúnú riosca; seiceálacha deisce na bhfardal agus na dtáblaí próisis; comparáidí trastíre idir saincheisteanna trasnaí; cuairteanna faisnéise OIN; fíoruithe díreacha; pointí gníomhaíochta a chur; agus forchoimeádais.

Is iad fardail OIN agus na táblaí próisis na príomhdhoiciméid thagartha a úsáidtear ag gach céim den phróiseas fíorúcháin ilbhliantúil, ar a ndéanann Eurostat seiceálacha trí Cheistneoir Measúnaithe Fhardal OIN a úsáid, ar ceistneoir é a d'fhormheas an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta, agus trí fhíoruithe díreacha a dhéanamh ar réimsí tiomsaithe a roghnaíodh. Is uirlis chuimsitheach fíorúcháin agus doiciméadachta é an ceistneoir. Tá a struchtúr ailínithe go dlúth le struchtúr na Treorach maidir le Fardail OIN. Tá an ceistneoir dírithe go príomha ar fhíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfoinsí agus na modhanna a thuairiscítear le ceanglas CCE 2010, an reachtaíocht ghaolmhar agus treoirlínte modheolaíochta. D'fheidhmigh na huirlisí sin go maith thar na blianta, lena n-áirithíodh anailís chórasach chomhsheasmhach chothrom ar fhardail OIN agus ar na táblaí próisis.

Meastar go bhfuil riosca ard ann do na Ballstáit uile ar riosca é a bhaineann le réimsí áirithe de na cuntais náisiúnta - mar a sainaithníodh sa mheasúnú riosca. Éilítear leo anailís mhionsonraithe chomparáideach ar na réitigh a chuireann na tíortha i bhfeidhm. I roinnt cásanna, d'fheadfadh sé go mbeadh gá le comhaontú ar ghnéithe coincheapúla sa Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta freisin. Déantar na saincheisteanna sin a fhíorú ar bhealach aonfhoirmeach ar fud na dtíortha uile trí chomparáidí trastíre a dhéanamh. I dtimthriall fíorúcháin 2016-2019, chuir Eurostat clár fairsing

comparáidí trastíre i gcrích le haghaidh roinnt saincheisteanna trasnaí. Cumhdaíodh saincheisteanna leis sin amhail an uileghabhálacht, comhardú OTI, seirbhísí teaghaise, seirbhísí airgeadais (lena n-áirítear seirbhísí idirghabhála airgeadais arna dtomhas go hindíreach), táirgeadh domhanda, comhardú íocaíochtaí, agus athruithe idir CEC 95 agus CCE 2010. Rinneadh na comparáidí trastíre ar an uileghabhálacht, táirgeadh domhanda agus comhardú íocaíochtaí, agus athruithe idir CEC 95 agus CCE 2010 a fhoroinnt tuilleadh ina réimsí níos mionsonraithe. San iomlán, rinneadh 16 chomparáid trastíre agus cuireadh le dearbhú níos mó maidir le cáilíocht na bhfoinsí agus na modhanna a úsáideadh chun na réimsí ar leith a chur le chéile. Tá dhá anailís trastíre eile á ndéanamh i dtimthriall fíorúcháin 2020-2024.

Foráiltear i Rialachán OIN gur cheart samhail fíorúcháin OIN a bhunú ar phrionsabail an athbhreithnithe piaraí agus na costéifeachtúlachta. Dá réir sin, is iad sin na príomhphrionsabail a leantar in obair fíorúcháin OIN agus cuirtear i bhfeidhm iad tríd an bpróiseas fíorúcháin ar fad.

Léirítear athbhreithniú piaraí i bhfíorú OIN trí rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát san obair fíorúcháin, sa Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta agus trí rannpháirtíocht i gcuairteanna faisnéise OIN araon. Chun prionsabal an athbhreithnithe piaraí a éascú, d'áirithigh Eurostat trédhearcacht an phróisis fíorúcháin tríd an doiciméadacht ábhartha uile a chur ar fáil don Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta. Áirítear leis sin fardail agus táblaí próisis OIN agus torthaí uile an phróisis fíorúcháin i dtéarmaí tuarascálacha cuairte agus pointí gníomhaíochta, liosta saincheisteanna neamhábhartha a sainaithníodh, tuarascálacha ar dhul chun cinn agus tuarascálacha críochnaitheacha maidir le saincheisteanna trasnaí a fíoraíodh trí chomparáidí trastíre, staid na hoibre maidir le forchoimeádais, agus (le haghaidh thimthriall fíorúcháin OIN 2020-2024) na litreacha uile lena gcuirtear forchoimeádais OIN i bhfeidhm agus lena gcuirtear deireadh leo.

Maidir le cur i bhfeidhm costéifeachtúlachta, tagann sé chun cinn i samhail fíorúcháin OIN ar dhá bhealach; ar an gcéad dul síos, trí mheasúnú riosca a úsáid agus, ar an dara dul síos, trí thairseach ábharthachta a chur i bhfeidhm. Forbraíodh samhail chuimsitheach mheasúnaithe riosca le haghaidh fhíorú OIN chun críoch acmhainní dílse i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta, a d'fhormheas an tsamhail. Mar thoradh air sin, cuirtear struchtúr ar an bpróiseas fíorúcháin agus ar chomhchruinniú na ngníomhaíochtaí fíorúcháin ar na réimsí ina léirítear leibhéal riosca réasúnta ard. Is é dearcadh an Choimisiúin go ndearnadh an próiseas a chuíchóiriú le húsáid na huirlise sin agus go bhfuil sé níos costéifeachtaí dá bharr.

Agus méid agus suntas gníomhaíochtaí nó idirbheart áirithe á meas, is éard atá i gceist le prionsabal na costéifeachtúlachta cur i bhfeidhm tairsí ábharthachta. D'fhormheas an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta tairseach 0.1 % de OIN atá le húsáid chuige sin. Cuirtear an tairseach ábharthachta san áireamh tríd an bpróiseas fíorúcháin ar fad, ach tagann sí chun cinn nuair a bhíonn pointí gníomhaíochtaí agus forchoimeádais á gcur i bhfeidhm.

*Gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme*

Foráiltear le hAirteagal 5 de Rialachán OIN go bhfuil an Coimisiún le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainmhínítear an liosta saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu i ngach timthriall fíorúcháin chun iontaofacht, uileghabhálacht agus an leibhéal is airde is féidir a áirithiú maidir le sonraí OIN a áirithiú, i gcomhréir le CCE 2010. Thairis sin, tá an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, le bearta sonracha a bhunú chun go mbeidh sonraí OIN níos inchomparáide, níos iontaofa agus níos uileghabhálaí, bunaithe ar an liosta saincheisteanna sin.

Ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2147[13] lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/516 trí liosta saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu i ngach timthriall fíorúcháin a shainmhíniú. Liostaítear na hábhair seo a leanas:

[13] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2147 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta saincheisteanna a dtabharfar

- sainmhíniú ar chríoch gheografach;
- prionsabail chun meastachán a dhéanamh ar sheirbhísí teaghaise;
- an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL;
- bearta maidir le huileghabhálacht; agus
- an chaoi a ndéileáiltear le CBL neamhbhailithe.

Cuireadh na saincheisteanna sin san áireamh go hiomchuí sa tsamhail fíorúcháin toisc gur déileáladh lena ngnéithe ábhartha dá réir sin sna doiciméid chreata (e.g. sa Treoir maidir le Fardail OIN, i gCeistneoir Measúnaithe Fhardal OIN, agus sa tsamhail measúnaithe riosca).

Bunaithe ar an liosta thuas, bhunaigh an Coimisiún, trí bhíthin na ngníomhartha cur chun feidhme seo a leanas, bearta sonracha chun go mbeidh sonraí OIN níos inchomparáide, níos iontaofa agus níos uileghabhálaí le haghaidh na gcéad trí shaincheist:

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1947 ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar chríoch gheografach na mBallstát[14];
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1949 ón gCoimisiún maidir leis na prionsabail chun meastachán a dhéanamh ar sheirbhísí teaghaise[15]; agus
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1948 ón gCoimisiún maidir leis an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL le daoine neamh-inchánach agus le daoine cánach de bharr a ngníomhaíochtaí díolmhaithe[16].

Tá na gníomhartha cur chun feidhme le haghaidh an dá shaincheist atá fós ann (bearta maidir le huileghabhálacht; an chaoi a ndéileáiltear le CBL neamhbhailithe) á n-ullmhú anois.

*Cuairteanna faisnéise OIN*

Sonraítear in Airteagal 6 de Rialachán OIN go bhféadfaidh an Coimisiún (Eurostat), i gcás inarb iomchuí, cuairteanna faisnéise OIN a dhéanamh sna Ballstáit[17]. Is é is cuspóir do chuairteanna faisnéise OIN cáilíocht chomhiomlán OIN agus a gcomhpháirteanna a fhíorú agus comhlíonadh CCE 2010 a fhíorú. Chuige sin, maidir le heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith i bhFardal OIN nó sna foinsí staidrimh agus sna modhanna a úsáidtear chun OIN agus a chomhpháirteanna a ríomh, is é is aidhm do na cuairteanna faisnéis bhreise a bhailiú atá riachtanach chun na heasnaimh sin a shainaithint.

aghaidh orthu i ngach timthriall fíorúcháin a shainmhíniú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE). IO L 428, 18.12.2020, lch. 9.

14 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1947 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2021 maidir leis an sainmhíniú ar chríoch gheografach na mBallstát chun críocha Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (Rialachán OIN) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/450/CEE, Euratom ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 109/2005 ón gCoimisiún (Téacs atá ábhartha maidir le LEE). IO L 398, 11.11.2021, lch. 1.

15 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1949 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2021 maidir leis na prionsabail chun meastachán a dhéanamh ar sheirbhísí teaghaise chun críocha Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (Rialachán OIN) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/309/CE, Euratom ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1722/2005 ón gCoimisiún (Téacs atá ábhartha maidir le LEE). IO L 398, 11.11.2021, lch. 6.

16 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1948 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2021 maidir leis an tslí a ndéileáiltear le haisíocaíochtaí CBL le daoine neamh-inchánach agus le daoine cánach de bharr a ngníomhaíochtaí díolmhaithe chun críocha Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (Rialachán OIN) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 1999/622/CE, Euratom ón gCoimisiún agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 116/2005 ón gCoimisiún (Téacs atá ábhartha maidir le LEE). IO L 398, 11.11.2021, lch. 4.

17 Féadtar cuairteanna faisnéise OIN a dhéanamh freisin sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha CSTE.

D'fhéadfadh fíoruithe díreacha ar chodanna thiomsú OIN a áireamh freisin i gcuairteanna faisnéise OIN. Is iad príomhchuspóirí an fhíoraithe dhírigh a fhíorú an léiríonn an tuairisc ar fhoinsí agus ar mhodhanna i bhFardal OIN an cleachtas tiomsaithe a cuireadh i bhfeidhm go hiarbhír nó nach léiríonn, agus ar aistríodh na sonraí bunúsacha mar a léirítear sna foinsí ar bhealach iomchuí sna figiúirí cuntas náisiúnta arna soláthar ag na Ballstáit le haghaidh acmhainn dhílis OIN nó nár aistríodh. Is é toradh chuairt faisnéise OIN tuarascáil (a chuireann Eurostat faoi bhráid an Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta) ina bhfuil pointí gníomhaíochta le haghaidh an Bhallstáit chun athruithe modheolaíochta a thabhairt isteach, earráidí tiomsaithe a cheartú nó an fhaisnéis atá i bhFardal OIN a fhorlíonadh.

Líon íosta chuairteanna OIN a bhíonn beartaithe i mBallstát ar leith le linn timthriall fíorúcháin, bíonn sé bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe riosca. De ghnáth, téitear ar chuairt faisnéise OIN amháin ar a laghad chuig gach Ballstát le linn an timthrialla fíorúcháin.

Ó tháinig Rialachán OIN i bhfeidhm an 18 Aibreán 2019, rinne Eurostat 19 gcuairt faisnéise OIN sna Ballstáit agus sa Ríocht Aontaithe (suas le mí Dheireadh Fómhair 2022). Baineadh an méid sin amach in ainneoin cúinsí deacra a bhain le paindéim COVID-19, a bhuí le comhar an-mhaith leis na Ballstáit. Thug Eurostat cuireadh go córasach do shaineolaithe na gcuntas náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar údaráis staidrimh náisiúnta Ballstát eile páirt a ghlacadh i gcuairteanna OIN. Dá réir sin, bhí saineolaithe cuntas náisiúnta ó Bhallstáit eile rannpháirteach in 11 cheann de na 19 gcuairt, rud a chuir le prionsabal an athbhreithnithe piaraí lena rialaítear próiseas fíorúcháin OIN a chur i gcrích.

*Scrúdú ar fhíoruithe an Choimisiúin arna ndéanamh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa*

Rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa scrúdú críochnúil ar bhonn bliantúil ar obair an Choimisiúin maidir le sonraí OIN na mBallstát a fhíorú. Thairis sin, tá tuarascálacha feidhmíochta speisialta ann a bhaineann leis na fíoruithe ilbhliantúla. Is féidir cuntas mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí na Cúirte maidir le OIN le haghaidh acmhainní dílse a aimsiú ina tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais.

## 5. CONCLÚIDÍ

Déantar an sciar is mó d'acmhainní dílse i mbuiséad ginearálta an Aontais a ríomh ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus tá cur i bhfeidhm cuí Rialachán OIN ríthábhachtach sa chomhthéacs sin. Mar sin féin, cur i bhfeidhm ceart shainmhínithe agus rialacha cuntasaíochta CCE 2010, atá ina réamhriachtanas maidir le sonraí OIN ardcháilíochta, tá sé fíor-riachtanach le haghaidh cháilíocht na gcuntas náisiúnta ina n-iomláine. Dá bhrí sin, leis an dearbhú maidir le hiontaofacht, inchomparáideacht agus uileghabhálacht shonraí OIN a fuarthas ón bhfíorú a rinne an Coimisiún faoi fhorálacha Rialachán OIN, cuirtear le hanailísí eacnamaíocha níos fónta agus le ceapadh beartas eacnamaíoch a bhfuil bonn faisnéise níos fearr fúthu bunaithe ar shonraí cuntas náisiúnta.

Le samhail fíorúcháin OIN le haghaidh acmhainní dílse atá ann faoi láthair, cuirtear go mór leis na nósanna imeachta a tugadh isteach roimhe seo agus Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle á gcur i bhfeidhm. Ó tháinig Rialachán (AE) 2019/516 i bhfeidhm, rinneadh tuilleadh forbartha ar an tsamhail fíorúcháin, agus forálacha ábhartha Rialachán OIN á gcur san áireamh, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le prionsabail an athbhreithnithe piaraí agus na costéifeachtúlachta, agus trí leas a bhaint as an méid a baineadh amach le timthriallta fíorúcháin OIN roimhe sin. Mar thoradh air sin, cuireadh creat fíorúcháin foirmiúil i bhfeidhm lena n-áirithítear próiseas fíorúcháin atá dian agus cuimsitheach, ach atá solúbtha fós.

Rinneadh gníomhaíochtaí freisin chun aistriú tráthúil comhchuibhithe shonraí OIN a áirithiú agus chun feabhas a chur ar dhoiciméadú na modhanna agus na bhfoinsí a úsáidtear chun OIN agus a chomhpháirteanna a ríomh agus chun iad a thabhairt cothrom le dáta.

Trí na bearta sin, tá dul chun cinn maith déanta maidir leis an scrúdú agus na seiceálacha ar ríomhanna OIN, sna fíoruithe bliantúla agus ilbhliantúla araon.

Glacadh na gníomhartha ábhartha tarmligthe agus na gníomhartha ábhartha cur chun feidhme a ceanglaíodh leis an Rialachán. Tá obair ar siúl chun saincheisteanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh chun tuilleadh feabhais a chur ar inchomparáideacht, iontaofacht agus uileghabhálacht shonraí OIN.

Chuir an Coimisiún acmhainní suntasacha ar bun chun cur i bhfeidhm cuí Rialachán OIN a áirithiú. Bhíothas in ann an Rialachán a chur i bhfeidhm go rianúil freisin a bhuí leis an gcomhar an-mhaith idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Léiríodh an comhar sin le linn obair an Ghrúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta a cuireadh ar bun chun cuidiú leis an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna chur chun feidhme Rialachán OIN, ach le linn chuairteanna faisnéise OIN freisin.

Sna blianta atá amach romhainn, leanfaidh an Coimisiún agus an Grúpa Saineolaithe um Ollioncam Náisiúnta lena n-iarrachtaí ardcháilíocht shonraí OIN a choinneáil ar bun, agus chun tuilleadh feabhais a chur ar inchomparáideacht, iontaofacht agus uileghabhálacht na sonraí sin.